



## AN COMHBHEARTAS TALMHAÍOCHTA (CBT) AGUS AN CONRADH

Tar éis theacht i bhfeidhm Chonradh na Róimhe, rinneadh sásraí idirghabhála a chur in ionad bheartais talmhaíochta na mBallstát ar leibhéal an Chomhphobail. Tá bunchloch an chomhbheartais talmhaíochta (CBT) gan athrú ó síníodh Conradh na Róimhe, cé is moite de rialacha a bhaineann leis an nós imeachta cinnteoireachta. Le Conradh Liospóin, tugadh aitheantas do chomhchinnteoireacht mar ‘ghnáthnós imeachta reachtach’ do CBT, in ionad an nós imeachta comhairliúcháin.

### AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 38 go dtí Airteagal 44 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

### AN RÉASÚNAÍOCHT ATÁ TAOBH THIAR DE CBT

Tráth a bunaíodh an cómhargadh le Conradh na Róimhe in 1958, bhí idirghabháil Stáit ina mórghné den talmhaíocht sna sé Bhallstát bhunaitheacha. Chun go mbeadh feidhm ag saorghluaiseacht earraí maidir le táirgí talmhaíochta, gan idirghabháil Stáit leanúnach a chur san áireamh, b'éigean sásraí náisiúnta idirghabhála a bheadh neamhchomhréireach leis an gcómhargadh a aistriú go dtí leibhéal an Chomhphobail: is é sin an réasúnaíocht bhunúsach atá taobh thiar de bhunú CBT.

Anuas air sin, an tráth sin, léiríodh leis an idirghabháil sa talmhaíocht comhdhearcadh ginearálta maidir le gnéithe sonracha den earnáil — is é sin le rá go mbraitheann sí go mór ar an aeráid agus ar an tíreolaíocht agus go mbíonn tionchar uirthi ag míchothromaíochtaí idir soláthar agus éileamh, agus, dá bhrí sin, ag luaineachtaí suntasacha i bpraghsanna agus ioncaim.

Tá éileamh ar bhia dolúbtha, is ionann sin is a rá gur beag an difear a dhéanann luaineachtaí praghsanna dó. Ina theannta sin, fágann fad na dtimthriallta táirgthe agus cineáil neamhathraitheach roinnt ionchur gur gann an smacht atá ag na feirmeoirí iad féin ar sholáthar domhanda táirgí feirme. Sna cúinsí sin, agus soláthar mór ann, spreagtar titim ar phraghsanna. Os a choinne sin, bíonn laghdú ar sholáthar ina chúis le méadú ar phraghsanna. Tá na tosca sin uile ina gcúis le héagobhsaíocht bhuan ar an margadh. Agus an staid sin rompu, bíonn fonn i gcónaí ar rialtais margaí talmhaíochta a rialú agus tacú le hioncam feirmeoirí, claonadh atá faighte ag CBT ó na rialtais.

Cé nach ionann an fheirmeoireacht sa lá atá inniu ann agus ach cuid bheag den gheilleagair i dtíortha forbartha, fiú in AE ([3.2.10](#), Tábla II), tá méadú tagtha ar



idirghabháil Stáit le déanaí, i bhfoirm beartais talmhaíochta agus tuaithe, beartais atá tar éis gnéithe nua a chur leis an bhfeirmeoireacht, gnéithe amhail an fhorbairt inbhuanaithe, athrú aeráide a chomhrac, bainistiú talún agus tuaithe, éagsúlú agus athnuachan an gheilleagair tuaithe agus táirgeadh fuinnimh agus bithábhar, chun tacú le príomhghníomhaíocht an tionscail, is é sin táirgeadh bia. Maidir le tacaíocht do shócmhainní poiblí nó do ghnéithe neamhthrachtála den talmhaíocht — is é sin le rá, na gnéithe sin nach bhfaightear luach saothair sa mhargadh ina leith — is cuid lárnach anois í, dá bhrí sin, de na beartais talmhaíochta agus tuaithe an lae inniu, lena n-áirítear CBT.

## CUSPÓIRÍ

Le hAirteagal 39 CFAE, leagtar amach cuspóirí sonracha CBT:

- a. táirgiúlacht na talmhaíochta a mhéadú trí dhul chun cinn teicniúil a chur chun cinn agus trína áirithiú go mbainfí an úsáid is fearr is féidir as tosca táirgthe, go háirithe maidir leis an lucht-saothair;
- b. caighdeán cóir maireachtála a áirithiú d'fheirmeoirí;
- c. margaí a chobhsú;
- d. infhaighteacht soláthairtí a áirithiú;
- e. praghsanna réasúnta do thomhaltóirí a áirithiú.

Is cuspóirí eacnamaíochta [Airteagal 39(a), mír 1, pointe a), pointe (c) agus pointe (d)] agus sóisialta [Airteagal 39, mír 1, pointe (b) agus pointe (e)], atá sna cuspóirí sin agus tá sé mar aidhm leo leasanna na dtáirgeoirí agus na dtomhaltóirí a chosaint. Sa chleachtas, níl aon athrú tagtha ar chuspóirí CBT ó tháinig Conradh na Róimhe i bhfeidhm, mar gheall go bhfuil an fhoclaíocht atá iontu thar a bheith solúbtha agus go bhfuil sé léirithe léi go raibh sí in ann an iliomad athchóirithe a bhí ann ó na 1980idí i leith a láimhseáil (3.2.2). Ba cheart a thabhairt d'aire, a fhianaise sin an cásdlí socair, nach féidir cuspóirí CBT a bhaint amach go hiomlán ag aon tráth amháin. Dá bhrí sin, tá solúbthacht nach beag ag reachtóir an Aontais a mhéid a bhaineann le hionstraimí raon feidhme athchóirithe a roghnú agus ní mór dó nó di a chur san áireamh treochtaí sa mhargadh agus na tosaíochtaí a shocraíonn institiúidí an Aontais aon tráth ar leith.

I dteannta chuspóirí CBT a leagtar amach in Airteagal 39 de CFAE, leagtar amach le roinnt forálacha den Chonradh spriocanna eile a bhfuil feidhm acu maidir le gach beartas agus beart de AE. Ar an mbonn sin, maidir le hardleibhéal fostaíochta a chur chun cinn (Airteagal 9), cosaint an chomhshaoil chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn (Airteagal 11), cosaint tomhaltóirí (Airteagal 12), ceanglais maidir le leas na n-ainmhithe (Airteagal 13), sláinte phoiblí (Airteagal 168, mír 1) agus comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach (Airteagal 174 go dtí Airteagal 178), tá siad féin ag éirí ina spriocanna CBT. Ina theannta sin, agus léirscaoileadh agus domhandú á ndéanamh ar an margadh, leagtar amach in Airteagal 207 prionsabail an chomhbheartais tráchtála is infheidhme maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta. Ar deireadh, tá maolú ó phrionsabail an bheartais iomaíochta tugtha le haghaidh táirgí talmhaíochta agus trádáil sna táirgí sin, i bhfianaise struchtúr uathúil thionscal na feirmeoireachta (Airteagal 42). Ní dhearnadh an eisceacht sin a thabhairt isteach,



áfach, ach amháin mar chuid den athchóiriú is déanaí ar chomheagrú na margáí talmhaíochta (CEM) in 2013 ([3.2.4](#)).

## **AN PRÓISEAS CINNTEOIREACHTA I RÉIMSE AN BHEARTAIS TALMHAÍOCHTA**

Le Conradh na Róimhe leagtar síos an nós imeachta maidir le CBT a tharraingt suas agus a chur chun feidhme: togra ón gCoimisiún, tuairim arna tabhairt ag Parlaimint na hEorpa agus, i gcás inar gá, ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus cinneadh ón gComhairle arna ghlacadh trí thromlach cáilithe. Bhí an nós imeachta sin, lena mbaineann dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, gan athrú go dtí 2010. Leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Airteagal 42, an chéad fhomhír agus Airteagal 43, mír 2), tugadh aitheantas ansin don chomhchinnteoireacht mar an 'gnáthnós imeachta reachtach' le haghaidh an CBT (féach bileog eolais [1.2.3](#)), in ionad an nós imeachta comhairliúcháin agus, sa chaoi sin, rinneadh ról Pharlaimint na hEorpa mar chomhrechtóir i réimse na talmhaíochta a chomhdhlúthú.

Mar sin féin, tá fadhbanna móra léirmhínte ag baint leis an gConradh nua, sa mhéid a thugtar isteach leis eisceachtaí ar an ngnáthnós imeachta a bheidh chun tairbhe don Chomhairle. Go deimhin, i dtaca le rialacha iomaíochta, foráiltear sa dara mír d'Airteagal 42 go bhféadfaidh 'an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, a údarú go ndeonófaí cabhair: a) le haghaidh cosaint a thabhairt d'fhiontair a bhfuil bac orthu mar gheall ar dhálaí struchtúracha nó nádúrtha; b) laistigh de chreat clár forbartha eacnamaíoch'. Ina theannta sin, in Airteagal 43(3) de CFAE ordaítear 'go nglacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, bearta maidir le praghsanna, tobhaigh, cabhair agus srianta cainníochtúla a shocrú'. In éagmais teorainn shoiléir maidir leis na cumhachtaí reachtacha atá ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle i réimse na talmhaíochta, tháinig fadhbanna dlíthiúla agus polaitiúla chun tosaigh le linn na caibidlíochta maidir le CBT nua tar éis 2013. Go ginearálta, diúltaíonn Parlaimint na hEorpa i gcónaí d'fhorchoimeádais ghinearálta chur chun feidhme i bhfabhar na Comhairle, lena bhféadfaí na cumhachtaí comhchinnteoireachta a fuarthas faoin gConradh nua a cháiliú nó, fiú, a dhéanamh neamhbhailí, go háirithe i gcomhthéacs na n-athchóirithe bunúsacha ar CBT lena n-áirítear, mar ghnéithe lárnacha, leibhéil chabhrach a shocrú agus praghsanna a shocrú. Tá an Chomhairle, áfach, tar éis diúltú d'aon srianta ar na cumhachtaí a thugtar le hAirteagal 43(3) faoi CEM nua [Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, IO L 347, 20.12.2013, agus Rialachán (AE) Uimh. 1370/2013, IO L 346, 20.12.2013] (féach bileog eolais [3.2.4](#)) agus do shocrú na laghduithe de réir céatadán i gcabhair dhíreach i gcomhthéacs smacht airgeadais [Airteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, IO L 347, 20.12.2013]. Bhí ar an bParlaimint, dá bhrí sin, aontú leis an eisceacht ionas nach gcuirfí bac ar ghlacadh athchóiriú 2013 [rún [P7\\_TA\(2013\)0492](#) an 20 Samhain 2013; IO C 436, 24.11.2016, Ich. 274]. Ina theannta sin, i ndearbhú críochnaitheach ón bParlaimint, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, aithnítear go bhfuil an comhaontú ar ar thángthas gan dochar d'athchóirithe CBT a rinneadh níos faide anonn agus nach gcuireann sé bac ar aon chaingean dlí a d'fheadfadh a bheith ann.

Bhí sé go hiomlán intuartha, dá bhrí sin, go leanfaí leis an díospóireacht idirinstiúideach os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le raon



feidhme Airteagal 43(3). Is é sin go díreach an rud a tharla nuair a d'iarr an Pharlaimint agus an Coimisiún go ndéanfaí dhá ghníomh maidir leis an gcomhbheartas iascaigh bunaithe ar Airteagal 43(3) CFAE a neamhniú: cinneadh ón gComhairle maidir le leithdháileadh deiseanna iascaireachta (cás C-103/12 agus caso C-165/12); agus rialachán maidir le plean fadtéarmach le haghaidh stoic troisc (cás C-124/13 agus caso C-125/13). Faoi na breithiúnais ón gCúirt an 26 Samhain 2014 agus an 1 Nollaig 2015, ar an ábhar go bhfuil gá leo chun cuspóirí na gcomhbheartas iascaigh a shaothrú, ní mór bearta lena mbaineann cinneadh beartais atá á choimeád do reachtóir an Aontais, a bheith bunaithe ar Airteagal 43(2) CFAE. Leis an mbreithiúnas ón gCúirt i gcás C-113/14 an 7 Meán Fómhair 2016, áfach, tá léirmhíniú leathan bunaithe maidir leis an gcoincheap 'socrú praghsanna' in Airteagal 43, mír 3, de chonradh CFAE, lena n-áirítear tairseacha tagartha maidir le praghsanna idirghabhála. Mar thoradh air sin, tá Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 (Rialachán CEM), bunaithe ar Airteagal 43, mír 2, curtha ar ceal, agus tá tairseacha tagartha glactha arís go heisiach ag an gComhairle. I ndiaidh na mbreithiúnas sin, in athchóirithe amach anseo a cheapfar chun sásraí CBT a chur i gcomhréir le cuspóirí beartais, ní mór soiléiriú a dhéanamh ar raon feidhme na mbunús dlí atá ann cheana chun an chothromaíocht idir na comhreachtóirí a urramú ar bhealach níos fearr.

Ina theannta sin, tá comhlachtaí eile ann i gcónaí atá páirteach i gcur chun feidhme CBT faoi chuimsiú nós imeachta na 'coisteolaíochta'. Ó 1961, nuair a bunaíodh na chéad eagraíochtaí comhbhainistíochta, tá roinnt coistí curtha ar bun. Le Conradh Liospóin, tugadh isteach idirdhealú idir 'gníomhartha tarmligthe' agus 'gníomhartha cur chun feidhme' (1.3.8). Tá glacadh gníomhartha tarmligthe á rialú anois leis an mbunghníomh reachtach ábhartha agus, maidir le gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, tá siad faoi réir nósanna imeachta nua scrúdúcháin nó comhairliúcháin dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 (IO L 55, 28.2.2011). Tá an chuid is mó de na dréachtghníomhartha cur chun feidhme ón gCoimisiún i réimse na talmhaíochta faoi réir nósanna scrúdúcháin a bhfuil an 'ceart grinnscrúdaithe' ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle mar chuid díobh.

Thairis sin, maidir le heagraíochta gairmiúla in AE, dá ndéanann Coiste na nEagraíochtaí Talmhaíochta Gairmiúla san Aontas Eorpach (COPA) agus an Coiste Ginearálta um Chomhar Talmhaíochta in AE (COGECA) ionadaíocht, bhí siad i gcónaí páirteach go hindíreach i bpróiseas cinnteoireachta na hEorpa trí obair na gcoistí comhairleacha. Le fíordhéanaí, tá leathnú déanta ar raon feidhme an phróisis comhairliúcháin trí ghrúpa idirphlé shibhialta a chur ar bun chun cabhrú leis an gCoimisiún i gcur i bhfeidhm CBT.

## **CBT, INNIÚLACHT ARNA COMHROINNT IDIR AN TAONTAS AGUS NA BALLSTÁIT**

Tá inniúlachtaí roinnte ina dtrí chatagóir ag CFAE (Teideal I) (1.1.5): inniúlachtaí eisiacha, inniúlachtaí comhroinnte agus inniúlachtaí maidir le gníomhaíochtaí a dhéanamh chun gníomhaíochtaí na mBallstát a chomhordú, chun tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát nó chun iad a fhorlíonadh. Sa chomhthéacs sin, aithnítear le hAirteagal 4(2)(d) go bhfuil an inniúlacht comhroinnte idir an tAontas agus na Ballstáit



i réimse na talmhaíochta, in ainneoin tuairim dhlíthiúil bhunaithe agus an tseasaimh arna ghlacadh le seirbhísí dlí an Choimisiúin [SEC(92) 1990, 27.10.1992], leana measadh beartas maidir le margaí (an chéad cholún de CBT) mar inniúlacht eisiach de chuid an Aontais. Tá tionchair ag Airteagal 4(2)(d) CFAE nua ar obair reachtach i réimse na talmhaíochta ós rud é go ndéanann na hinstitiúidí Eorpacha prionsabal na coimhdeachta a chur i bhfeidhm (féach bileog eolais [1.2.2](#)) i réimsí nach gcumhdaítear le hinniúlacht eisiach an Aontais [Airteagal 5(3) agus Airteagal 12 den Chonradh ar an Aontas Eorpach]. Dá bhrí sin, is féidir leis na parlaimintí náisiúnta tuairimí réasúnaithe a chur ar aghaidh chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus Uachtarán an Choimisiúin agus é á rá acu, dar leo, an bhfuil dréachtghníomh reachtach i réimse na talmhaíochta i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta. De bhreis air sin, as seo amach ní bheidh feidhm ag an 'córas comhair fheabhsaithe' arna bhunú le hAirteagal 20 de Chonradh AE (féach bileog eolais [1.1.5](#)) ach amháin maidir le CBT. Chuige sin, féadfaidh roinnt Ballstát (sa chás seo naoi gcinn ar a laghad) a roghnú ceangaltais talmhaíochta forlíontacha dá chéile a ghlacadh orthu féin, ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar sholúbthacht CBT maidir le comhshásraí a chur i bhfeidhm féach bileog eolais([3.2.3](#)).

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Ar an ábhar nach bhfuil aon chumhachtaí cinnteoireachta aici, b'éigean don Parlaimint modhanna neamhcheangailteacha a úsáid, amhail tuarascálacha agus rúin féintionscnaimh, mar iarracht chun tionchar suntasach a imirt ar mhúnú CBT. Ó rinne an Chomhairle Eorpach an dearbhú i 1997 inar mhol sí samhail talmhaíochta Eorpach, tá a tiomantas léirithe ag Parlaimint na hEorpa ar roinnt ócáidí maidir le samhail ilfheidhmeach Eorpach i dtaobh na talmhaíochta (agus an bhia), ar samhail í a bheadh bailí ar fud chríoch an Aontais mhéadaithe agus a bheadh comhoiriúnach le léirscaoileadh agus domhandú na margaí. Bhí an méid sin soiléir i gcomhthéacs an athchóirithe a rinneadh ar CBT in 2003 [rúin an 30 Bealtaine 2002, P5\_TA(2002)0274 agus [P5\\_TA\(2002\)0275](#), IO C 187 E, agus rúin an 7 Aibreán 2003, Ich. 160 agus Ich. 168, agus rún an 7 Samhain 2002, P5\_TA(2002)0532, IO C 16 E, Ich. 93] agus na n-idirbheartaíochtaí iltaobhacha ar an talmhaíocht laistigh den Eagraíocht Trádála Domhanda (Babhta Doha) (féach bileog eolais [3.2.8](#)). I ndáil leis sin, tá sé curtha in iúl freisin ag Parlaimint na hEorpa go bhfuil sí i bhfábhar cuspóirí nua a chur isteach i CBT d'fhonn freagairt do na dúshláin nua atá roimh thionscal na hiascaireachta, amhail cáilíocht táirgí, sláinte phoiblí, forbairt inbhuanaithe, comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, cosaint an chomhshaoil nó dul i ngleic leis an athrú aeráide. Táthar tar éis na prionsabail sin a dhearbhu le rún an 8 Iúil agus rún an 23 Meitheamh 2010 maidir le todhchaí CBT tar éis 2013 [[P7\\_TA\(2010\)0286](#), IO C 351 E an 2.12.2011, Ich. 103, agus [P7\\_TA\(2011\)0297](#), IO C 390 E an 18.12.2012, Ich. 49]. Leis an athchóiriú nua sin ar CBT, ar cuireadh tús leis an nós imeachta parlaiminteach ina leith i Márta 2010, lena n-áirítear glacadh na sainorduithe nua idirbheartaíochta, agus a cuireadh i gcrích an 20 Samhain 2013 nuair a glacadh na bunrialacháin, tá an deis ag Parlaimint na hEorpa a ról a imirt mar chomhreachtóir iomlán i réimse na talmhaíochta, ar bhonn an chreata institiúidigh arna bhunú le Conradh Liospóin [rúin [P7\\_TA\(2013\)0490](#) go [P7\\_TA\(2013\)0494](#), IO C 436 an 24.11.2016, Igh. 270-280]. Tá tús curtha cheana ag an bParlaimint le hobair ar an athchóiriú ar CBT tar éis



-2020. Glacadh tuarascáil féintionscnaimh dar teideal ‘Todhchaí an Bhia agus na Talmhaíochta’ (tuarascáil Dorfmann) maidir leis an teachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2018 [[P8\\_TA\(2018\)0224](#)] agus i mí Aibreáin 2019 vótáil comhaltaí an Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar na trí thuarascáil maidir leis na tograí reachtacha a tíolacadh (féach bileog eolais [3.2.9](#)).

Albert Massot  
05/2019

